BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Chéad Dlísheomra)

8 Meán Fómhair 2022*

(Tarchur chun réamhrialú — Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 — Seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród agus de bhóthar — Oibleagáid a chur de cheangal le rialacha ginearálta chun aicmí áirithe de na paisinéirí a iompar saor in aisce — Oibleagáid ar an údarás inniúil chun cúiteamh as seirbhís poiblí a dheonú do na hoibreoirí — Modh ríomha)

I gCás C-614/20,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ó Tallinna Halduskohus (an Chúirt Riaracháin, Taillinn, an Eastóin), trí bhreith an 18 Samhain 2020, a fuarthas ag an gCúirt Bhreithiúnais an 18 Samhain 2020, sna himeachtaí idir

Lux Express Estonia AS

v

Majandus- ja Kommunikatsiooniministeerium,

tugann AN CHÚIRT (an Chéad Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: A. Arabadjiev (Rapóirtéir), Uachtarán Dlísheomra, P.G. Xuereb agus A. Kumin, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Campos Sánchez-Bordona,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

agus tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar cheann na bpáirtithe seo a leanas:

– Lux Express Estonia AS, ag C. Ginter, K. Härginen agus A. Jőks, vandeadvokaadid,

– Rialtas na hEastóine, ag N. Grünberg, i gcáil Gníomhaire,

– an Coimisiún Eorpach, ag K. Toomus agus C. Vrignon, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 10 Márta 2022,

* Teanga an cháis: an Eastóinis.

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú seo le léirmhíniú Airteagal 108 CFAE, agus Airteagal 2(e), Airteagal 3(2) agus (3) agus Airteagal 4(1)(b)(i) de Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród agus de bhóthar agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 1191/69 agus (CEE) Uimh. 1107/70 ón gComhairle (IO 2007 L 315, lch. 1), arna leasú le Rialachán (AE) 2016/2338 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 (IO 2016 L 354, lch. 22) ("Rialachán Uimh. 1370/2007").

2 Rinneadh an iarraidh i gcomhthéacs imeachtaí idir Lux Express Estonia AS agus Majandus- ja Kommunikatsiooniministeerium (Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Cumarsáid, an Eastóin) maidir le diúltú na hAireachta sin an damáiste a mhaíonn an chuideachta sin a rinneadh di mar gheall ar chomhlíonadh na hoibleagáide, dá bhforáiltear le dlí na hEastóine, chun aicmí áirithe de na paisinéirí a iompar saor in aisce agus gan chúiteamh ó Stát na hEastóine, a chúiteamh.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Cinneadh 65/271/CEE

3 Foráladh mar seo a leanas ón gcéad go dtí an tríú haithris de Chinneadh 65/271/CEE ón gComhairle an 13 Bealtaine 1965 maidir le comhchuibhiú forálacha áirithe a mbíonn tionchar acu ar an iomaíocht i réimse an iompair d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre (IO 1965 88, lch. 1500):

"de bhrí nach mór do cheann de chuspóirí an chomhbheartais iompair a bheith chun deireadh a chur le héagothromaíochtaí a d'fhéadfadh na coinníollacha iomaíochta in earnáil an iompair a shaobhadh go substaintiúil [...];

de bhrí go bhfuil éagothromaíochtaí ann go háirithe i réimsí an chánachais, idirghabháil Stát i gcórais iompair agus córais sóisialta;

de bhrí, dá bharr sin, gur cheart bearta a ghlacadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

[...]

– maidir le hidirghabháil Stát san iompar, oibleagáidí seirbhíse poiblí a laghdú a mhéid is féidir, cúiteamh cóir as na costais a leanfaidh as na costais a choimeádfar agus na costais a fhreagraíonn do laghduithe ar tharaifí ar chúiseanna sóisialta, cuntais na ngnóthas iarnróid a normalú, neamhspleáchas airgeadais na ngnóthas sin a bhaint amach agus an scéim chabhrach is infheidhme maidir le hiompar a shainiú, agus gnéithe speisialta na hearnála sin á gcur san áireamh,

[...]" [Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráladh le hAirteagal 6 den Chinneadh sin:

"Ón 1 Iúil 1967, ní mór do na costais a eascraíonn as praghsanna agus coinníollacha iompair, arna bhforchur ag Ballstát ar mhaithe le catagóir shóisialta amháin ar leith nó níos mó, a chur i bhfeidhm i leith iompar paisinéirí, a bheith faoi réir chúiteamh arna chinneadh i gcomhréir le modhanna comhchoiteanna." [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán (CEE) Uimh. 1191/69

5 Leagadh amach ón gcéad go dtí an tríu haithris agus an tríu haithris déag de Rialachán (CEE) Uimh. 1191/69 ón gComhairle an 26 Meitheamh 1969 maidir le gníomhaíocht ó Bhallstáit maidir leis na hoibleagáidí ar gné dhílis iad den choincheap atá ann de sheirbhís phoiblí san iompar d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealaí intíre (IO 1969 L 156, lch. 1):

"de bhrí nach mór do cheann de chuspóirí an chomhbheartais iompair a bheith chun deireadh a chur le héagothromaíochtaí a leanann as oibleagáidí ar gné dhílis iad den choincheap de sheirbhís poiblí arna bhforchur ag Ballstáit ar ghnóthais iompar, agus a d'fhéadfadh na coinníollacha iomaíochta a shaobhadh go substaintiúil;

de bhrí gur gá, dá bhrí sin, na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a shainmhínítear sa Rialachán seo a scriosadh; de bhrí, áfach, go bhfuil sé fíor-riachtanach na hoibleagáidí sin a choinneáil i gcásanna áirithe chun soláthar seirbhísí iompair leordhóthanacha a áirithiú; de bhrí nach mór an soláthar sin a mheas i bhfianaise an tsoláthair agus an éilimh ar iompar atá ann agus i bhfianaise riachtanais an phobail;

de bhrí nach bhfuil feidhm ag na bearta scriosta sin maidir le praghsanna agus coinníollacha iompair a fhorchuirtear ar ghnóthais i réimse an iompair paisinéirí ar mhaithe le catagóir shóisialta amháin ar leith nó níos mó;

[...]

de bhrí, ina theannta sin, go bhforáiltear le hAirteagal 6 de [Chinneadh 65/271] nach mór do Bhallstáit costais a eascraíonn, i réimse an iompair paisinéirí, as cur i bhfeidhm na bpraghsanna agus na gcoinníollacha iompair a fhorchuirtear ar mhaithe le catagóir shóisialta ar leith a chúiteamh [...]" [Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráladh le hAirteagal 1 den Rialachán sin:

"1. Cuirfidh na Ballstáit deireadh leis na hoibleagáidí ar gné dhílis iad de choincheap na seirbhíse poiblí, a shainmhínítear sa Rialachán seo, a fhorchuirtear i réimse an iompair d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre.

2. Féadfar na hoibleagáidí sin a choinneáil, áfach, a mhéid atá siad fíor-riachtanach chun soláthar seirbhísí iompair leordhóthanaigh a áirithiú.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1, i réimse an iompair paisinéirí, maidir le praghsanna agus coinníollacha iompair arna bhforchur ag Ballstát ar mhaithe le catagóir shóisialta amháin ar leith nó níos mó.

4. Beidh na costais a eascraíonn do ghnóthais iompair as coinneáil na n-oibleagáidí dá dtagraítear i mír 2 agus as cur i bhfeidhm na bpraghsanna agus na gcoinníollacha iompair dá dtagraítear i mír 3, ina n-ábhar do chúiteamh arna chinneadh i gcomhréir leis na modhanna comhchoiteanna a leagtar amach sa Rialachán seo."

7 Is mar seo a leanas a bhí foclaíocht Airteagal 9 den Rialachán sin:

"1. Cinnfear méid an chúitimh as na costais a eascraíonn, do na gnóthais, as cur i bhfeidhm praghsanna agus coinníollacha iompair ar iompar paisinéirí arna bhforchur ar mhaithe le catagóir shóisialta amháin ar leith nó níos mó, i gcomhréir leis na modhanna comhchoiteanna a leagtar síos in Airteagail 11 go 13.

2. Beidh an cúiteamh le híoc ón 1 Eanáir 1971.

[...]"

Rialachán Uimh. 1370/2007

8 Is mar seo a leanas atá foclaíocht aithrisí 2 go 4, 34 agus 35 de Rialachán Uimh. 1370/2007:

"(2) Leagtar síos le hAirteagal 86(2) den Chonradh go mbeidh gnóthais arb é a gcúram seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne a oibriú faoi réir rialacha an Chonartha, go háirithe na rialacha iomaíochta, sa mhéid nach dtiocfaidh de na rialacha sin a chur i bhfeidhm bac, ó dhlí ná ó ghníomh, ar chomhlíonadh an chúraim áirithe a sannadh dóibh.

(3) Tá Airteagal 73 den Chonradh ina lex specialis i ndáil le hAirteagal 86(2). Bunaítear leis na rialacha is infheidhme maidir le cúiteamh as oibleagáidí seirbhíse poiblí in iompar intíre.

(4) Is iad bunchuspóirí an Pháipéir Bháin ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2001, 'Beartas iompair na hEorpa don bhliain 2010: tráth an chinnidh', seirbhísí sábháilte, éifeachtacha, ardchaighdeáin iompair do phaisinéirí a ráthú trí iomaíocht rialaithe, agus trédhearcacht agus feidhmiú seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí a bheith á ráthú freisin, ag féachaint d'fhachtóirí sóisialta, comhshaoil agus forbraíochta réigiúnaí, nó coinníollacha sonracha taraife a thairiscint do chatagóirí áirithe taistealaithe, amhail pinsinéirí, agus chun deireadh a chur le héagothromaíochtaí idir ghnóthais iompair ó Bhallstáit éagsúla a bhféadfadh saobhtaí substaintiúla iomaíochais eascairt astu.

[...]

(34) D'fhéadfadh sé gur ghá cúiteamh as seirbhísí poiblí in earnáil na seirbhísí iompair intíre do phaisinéirí ionas go bhfeidhmeodh na gnóthais atá freagrach as seirbhísí poiblí ar bhonn na bprionsabal agus faoi na coinníollacha a cheadaíonn dóibh a gcúraimí a chur i gcrích. Féadfaidh an cúiteamh sin a bheith ar comhréir leis an gConradh de bhun Airteagal 73 faoi choinníollacha áirithe. I dtosach báire, ní foláir é a dheonú chun a áirithiú go soláthrófar seirbhísí ar seirbhísí leasa i gcoitinne iad de réir bhrí an Chonartha. Thairis sin, ionas go seachnófar saobhtaí iomaíochta gan údar, ní fhéadfaidh sé dul thar an méid is gá chun na glanchostais a thabhaítear i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí a chlúdach, ag cur san áireamh an t-ioncam a ghintear dá bharr sin agus brabús réasúnta.

(35) Dá bhrí sin, féadfar cúiteamh arna dheonú ag na húdaráis inniúla i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo a dhíolmhú ón gceanglas réamhfhógra a thabhairt atá in Airteagal 88(3) den Chonradh."

9 Foráiltear le hAirteagal 1 den Rialachán sin:

"1. Is é cuspóir an Rialacháin seo a chinneadh conas a fhéadfaidh na húdaráis inniúla gníomhú, i gcomhréir le rialacha dhlí an Chomhphobail, i réimse an iompair phoiblí do phaisinéirí chun a ráthú go soláthrófar seirbhísí leasa i gcoitinne a bheidh inter alia níos líonmhaire, níos sábháilte, de cháilíocht níos airde nó a chuirfear ar fáil ar chostas níos ísle ná mar a cheadódh fórsaí an mhargaidh amháin.

Chun na críche sin, leagtar síos leis an Rialachán seo na coinníollacha faoina bhféadfaidh na húdaráis inniúla, agus oibleagáidí seirbhíse poiblí á bhforchur nó á gconrú acu, cúiteamh a thabhairt d'oibreoirí seirbhísí poiblí i leith costas a thabhaítear agus/nó cearta eisiacha a dheonú in éiric oibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le hoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród agus de mhodhanna eile rianbhunaithe agus de bhóthar, seachas seirbhísí a oibrítear go príomha de bhrí gur ábhar spéise iad go stairiúil nó de bharr an luach atá leo ó thaobh na turasóireachta de. Féadfaidh na Ballstáit an Rialachán seo a chur i bhfeidhm maidir le hiompar poiblí do phaisinéirí d'uiscebhealaí intíre agus, gan dochar do Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 an 7 Nollaig 1992 ón gComhairle maidir le hiompar muirí laistigh de na Ballstáit (cabatáiste muirí), ([IO 1992 L 364, lch. 7]), ar uiscí farraige náisiúnta.

[...]".

10 Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 2 de Rialachán Uimh. 1370/2007:

"Chun críocha an Rialacháin seo:

a) 'ciallaíonn iompar poiblí do phaisinéirí' seirbhísí iompair do phaisinéirí ar seirbhísí leasa eacnamaíoch i gcoitinne iad agus a sholáthraítear don phobal ar bhonn neamh-idirdhealaitheach leanúnach;

b) 'ciallaíonn údarás inniúil' aon údarás poiblí nó aon ghrúpa údarás poiblí de chuid Ballstáit nó líon Ballstát a bhfuil sé de chumhacht aige idirghabháil san iompar poiblí do phaisinéirí i limistéar geografach áirithe nó aon chomhlacht a mbeidh údarás den sórt sin dílsithe dó;

[...]

e) 'ciallaíonn oibleagáid seirbhíse poiblí' ceanglas arna shainmhíniú nó arna chinneadh ag údarás inniúil chun go n-áiritheofar go gcuirfear ar fáil seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí ar mhaithe leis an leas i gcoitinne nach nglacfadh oibreoir air féin dá mbeadh sé ag féachaint dá leas tráchtála féin nó nach nglacfadh sé air féin an oiread céanna ná faoi na coinníollacha céanna gan luach saothair;

[...]

l) ‘ciallaíonn riail ghinearálta’ beart a chuirtear i bhfeidhm gan idirdhealú maidir le gach seirbhís iompair phoiblí do phaisinéirí den chineál céanna i limistéar geografach áirithe a bhfuil údarás inniúil freagrach as;

[...]”.

11 Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 2a(2) den Rialachán sin:

“Le sonraíochtaí na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí agus an cúiteamh gaolmhar ar iarmhairt ghlan airgeadais na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí:

a) déanfar cuspóirí an bheartais iompair phoiblí a bhaint amach ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costais de; agus

b) déanfar soláthar an iompair phoiblí do phaisinéirí a chothabháil ó thaobh an airgeadais de, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos sa bheartas iompair phoiblí go fadtéarmach.”

12 Leagtar an méid seo a leanas amach in Airteagal 3 den Rialachán sin:

“1. I gcás ina gcinnfidh údarás inniúil ceart eisiach agus/nó cúiteamh, cibé cineál é, a dheonú d'oibreoir dá rogha in éiric oibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, is faoi chuimse conartha seirbhíse poiblí a dhéanfaidh sé é.

2. De mhaolú ar mhír 1, oibleagáidí seirbhíse poiblí a bhfuil sé d'aidhm acu uastaraifí a chinneadh do na paisinéirí uile nó d'aicmí áirithe de na paisinéirí, féadfar iad a chur faoi réir rialacha ginearálta freisin. I gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagail 4 agus 6 agus san Iarscríbhinn, cúiteoidh an t-údarás inniúil na hoibreoirí seirbhísí poiblí i leith na glanéifeachta airgeadais, cibé deimhneach nó diúltach, ar na costais a thabhófar agus ar an ioncam a ghinfear i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí sin a bhunófar le rialacha ginearálta ar dhóigh a sheachnóidh an róchúiteamh. Déanfar amhlaidh d'ainneoin cheart na n-údarás inniúil oibleagáidí seirbhíse poiblí a lánpháirtiú trí uastaraifí a chinneadh i gconarthaí seirbhíse poiblí.

3. Gan dochar d'fhorálacha Airteagail 73, 86, 87 agus 88 den Chonradh, féadfaidh na Ballstáit a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo rialacha ginearálta maidir le cúiteamh airgeadais i leith oibleagáidí seirbhíse poiblí lena mbunófar uastaraifí le haghaidh daltaí, mac léinn, printíseach agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Tabharfar fógra maidir leis na rialacha ginearálta sin i gcomhréir le hAirteagal 88 den Chonradh. Beidh san fhógra sin faisnéis iomlán maidir leis an mbeart agus go háirithe mionsonraí an mhodha ríomha.”

13 Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 4(1) den Rialachán sin:

“Maidir leis na conarthaí seirbhíse poiblí agus na rialacha ginearálta:

[...]

b) bunóidh siad, roimh ré, ar dhóigh oibiachtúil thrédhearcach:
   i) na paraiméadair ar ar a mbonn a bhfuil an íocaíocht chúitimh, más ann, le ríomh; agus
   ii) cineál agus réim aon chearta eisiacha a dheonaítear ar bhealach ina seachnófar forchúitimh.

[...]”

14 Leagtar amach in Airteagal 6(1) de Rialachán Uimh. 1370/2007:

"Déanfaidh gach cúiteamh a bhainfidh le riail ghinearálta nó le conradh seirbhíse poiblí Airteagal 4 a chomhlíonadh, is cuma conas a dámhadh an conradh. Déanfaidh gach cúiteamh, cibé cineál é, a bhainfidh le conradh seirbhíse poiblí nach ndámhtar i gcomhréir le hAirteagal 5(1), (3) nó (3b) nó a bhaineann le riail ghinearálta, na forálacha a leagtar síos san Iarscríbhinn a chomhlíonadh freisin."

15 Faoi Airteagal 9(1) den Rialachán sin:

"Maidir le cúiteamh seirbhíse poiblí ar oibriú seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí nó ar chomhlíonadh oibleagáidí taraife arna mbunú trí rialacha ginearálta agus a íocfar i gcomhréir leis an Rialachán seo, beidh sé comhoiriúnach leis an gcómhargadh. Beidh an cúiteamh sin díolmhaithe ón gceanglas réamhfhógra a thabhairt a leagtar síos le hAirteagal 88(3) den Chonradh."

16 Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 10(1) den Rialachán sin:

"Aisghairtear leis seo [Rialachán Uimh. 1191/69]. [...]"

17 Foráiltear mar seo a leanas i bpointe 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Uimh. 1370/2007, dar teideal "Rialacha is infheidhme maidir le cúiteamh sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 6(1)":

"Ní fhéadfaidh an cúiteamh dul thar mhéid a fhreagraíonn don ghlanéifeacht airgeadais ar coibhéis le hiomlán na n-éifeachtaí, cibé deimhneach nó diúltach, a bheidh ag comhlíonadh na hoibleagáide seirbhíse poiblí ar chostais agus ar ioncam an oibreora seirbhíse poiblí. Measúnófar na héifeachtaí trí chomparáid a dhéanamh idir an staid ina gcomhalltar an oibleagáid seirbhíse poiblí agus an staid a bheadh ann mura ndéanfaí an oibleagáid a chomhall. [...]"

Dlí na hEastóine

18 Foráiltear le hAirteagal 34 den ühistranspordiseadus (Dlí maidir le hiompar poiblí) an 1 Deireadh Fómhair 2015 (RT I 2015, 2), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí ("ÜTS"):

"Ní mór d'aon iompróir a chuireann seirbhís rialta iompair de bhóthar, d'uiscebhealach intíre agus d'iarnród ar fáil ar an gcríoch náisiúnta, leanaí faoi bhun seacht mbliana d'aois ar an 1 Deireadh Fómhair den scoilbhliain reatha, leanaí ar cuireadh tús a n-oideachais éigeantaigh siar, mionaoisigh faoi mhíchumas faoi bhun 16 bliana d'aois, daoine faoi mhíchumas tromchúiseach atá 16 bliana d'aois nó níos mó, daoine faoi thromlagú amhairc, daoine in éineacht le daoine faoi thromlagú amhairc, agus madraí treorach nó cúnaimh in éineacht le daoine faoi mhíchumas a iompar saor in aisce. Ní bhfaighidh an t-iompróir aon chúiteamh d'iompar saor in aisce na n-aicmí daoine sin."

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear

19 Is gnóthais phríobháideacha iad Eesti Buss OÜ agus Lux Express Estonia a sholáthraíonn seirbhísí rialta iompair tráchtála de bhóthar ar chóiste san Eastóin. An 5 Meitheamh 2019, chuir siad éileamh ar chúiteamh faoi bhráid an Aire Gnóthaí Eacnamaíocha agus Bonneagair (an Eastóin) le haghaidh EUR 537 219 san iomlán i leith an chaillteanais ioncaim a mhaígh siad a d'fhulaing siad

in 2018 mar gheall ar an oibleagáid, a leagtar síos in Airteagal 34 de ÜTS, chun aicmí áirithe de na paisinéirí a iompar saor in aisce, gan cúiteamh ón Stát, i gcomhthéacs seirbhísí rialta iompair tráchtála a sholáthar ar chríoch na hEastóine.

20 An 10 Iúil 2019, dhiúltaigh an tAire Gnóthaí Eacnamaíocha agus Bonneagair don éileamh sin ar an bhforas nach bhfaigheann an t-iompróir, de bhun Airteagal 34 de ÜTS, aon chúiteamh as iompar paisinéirí saor in aisce.

21 An 29 Iúil 2019, chumaisc Eesti Buss le Lux Express Estonia agus baineadh ón gclár tráchtála é.

22 An 12 Lúnasa 2019, thionscain Lux Express Estonia caingean os comhair na cúirte a rinne an tarchur, Tallinna Halduskohus (an Chúirt Riaracháin, Taillinn, an Eastóin), ag iarraidh go n-ordófar do Phoblacht na hEastóine EUR 851 960 a íoc, arb ionann é sin agus luach an chaillteanais ioncaim a mhaígh sé a d'fhulaing sé mar gheall ar chur i bhfeidhm Airteagal 34 de ÜTS, i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Iúil 2019, le hús mainneachtana. Leathnaigh Lux Express Estonia an t-éileamh sin maidir leis an gcaillteanas ioncaim a líomhnaítear a fulaingíodh i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Eanáir 2020, is é sin le rá, suim EUR 2 061 781, mar aon le hús mainneachtana.

23 Maíonn Lux Express Estonia, inter alia, gurb ionann an oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 34 de ÜTS agus oibleagáid seirbhíse poiblí, de réir bhrí Airteagal 2(e) de Rialachán Uimh. 1370/2007. Leanann sé ó Airteagal 1(1) den Rialachán sin, áfach, nach mór do na Ballstáit cúiteamh a dheonú do ghnóthais iompair as na costais arna dtabhú i gcomhlíonadh oibleagáidí seirbhíse poiblí. A mhéid a thoirmeasctar leis cúiteamh a íoc as comhlíonadh oibleagáide den sórt sin, bheadh Airteagal 34 de ÜTS ar neamhléir leis an Rialachán sin. Ní eisiatar deonú cúitimh toisc nár thug Poblacht na hEastóine fógra roimhe sin don Choimisiún maidir leis an bhforáil sin, i gcomhréir le hAirteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 1370/2007 agus le hAirteagal 108 CFAE. D'áitigh Lux Express Estonia freisin, dá mba rud é gur gá a mheas nach bhfuil Rialachán Uimh. 1370/2007 infheidhme i leith na díospóide sna príomhimeachtaí, gur cheart cúiteamh a dheonú dó faoi phrionsabal na comhréireachta agus faoi Airteagail 16, 17, 41 agus 51 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an "Chairt").

24 D'áitigh Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Cumarsáid, nach bhfuil Rialachán Uimh. 1370/2007 infheidhme i leith na díospóide sna príomhimeachtaí, ós rud é nár chuir Lux Express Estonia conradh seirbhíse poiblí i gcrích le húdarás inniúil ach go n-oibríonn sé bealaí tráchtála. Thairis sin, maíonn sé go gceadaítear le hAirteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 1370/2007 cásanna ina gcinntear, le riail ghinearálta, uastaraifí d'aicmí áirithe de na paisinéirí a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin sin. Ina theannta sin, maíonn sé ós rud é nach ndeonaítear aon chúiteamh, nach gá an Coimisiún a chur ar an eolas faoi sin. D'áitigh an Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Cumarsáide freisin, á chur i gcás gur oibleagáid seirbhíse poiblí de réir bhrí an Rialacháin sin an oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 34 de ÜTS, nach gceanglaítear leis an Rialachán sin an t-iompróir a chúiteamh. Maítear nach gceanglaítear le forálacha Chonradh FAE státchabhair a dheonú ach oiread. Maítear go mbeadh soláthar na seirbhísí arna dhéanamh ag Lux Express Estonia costéifeachtach, fiú gan chúiteamh.

25 Deir an chúirt a rinne an tarchur go n-oibríonn Lux Express Estonia seirbhísí iompair tráchtála ar chóiste ar bhonn ceadúnais oibriúcháin Chomhphobail agus nár chuir sé aon chonradh seirbhíse poiblí i gcrích leis na húdaráis náisiúnta nó áitiúla. Ní bhfaighfeadh an chuideachta sin aon chúiteamh ó chistí poiblí i leith costais oibriúcháin na seirbhísí sin.

26 Tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, an bhfuil fíricí an cháis sna príomhimeachtaí á rialú ag Rialachán Uimh. 1370/2007. Chuige sin, tugann sí faoi deara go soláthraíonn Lux Express Estonia seirbhís iompair do phaisinéirí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne, de réir bhrí Airteagal 2(a) den Rialachán sin, ós rud é go bhfuil leas poiblí ann i seirbhís rialta iompair ar chóiste a chur ar fáil idir na cathracha éagsúla san Eastóin agus go ráthaítear leis an tseirbhís sin saorghluaiseacht daoine. Sna himthosca sin, ardaítear an cheist, i gcás nár chuir údarás inniúil, de réir bhrí Airteagal 2(b) den Rialachán sin, conradh seirbhíse poiblí i gcrích le gnóthas iompair, ach gur leag sé síos, le dlí, an oibleagáid d'iompróirí a oibríonn seirbhísí rialta ar an gcríoch náisiúnta aicmí áirithe de na paisinéirí a iompar saor in aisce, an bhféadfaí an oibleagáid sin a cháiliú mar "oibleagáid seirbhíse poiblí" de réir bhrí Airteagal 2(e) den Rialachán sin.

27 De réir na cúirte a rinne an tarchur, féadfar ÜTS a mheas mar riail ghinearálta de réir bhrí Airteagal 2(l) agus Airteagal 3(2) de Rialachán Uimh. 1370/2007 agus, dá bhrí sin, tá feidhm ag an Rialachán sin sna príomhimeachtaí. Foráiltear le hAirteagal 34 de ÜTS d'uastaraif (iompar saor in aisce) d'aicmí áirithe de na paisinéirí. D'fhéadfadh socrú uastaraife den sórt sin le riail ghinearálta, de réir Airteagal 3(2) den Rialachán sin, a bheith ina oibleagáid seirbhíse poiblí. Ina theannta sin, tríd an gceart chun taisteal saor in aisce a dheonú d'aicmí áirithe de na paisinéirí, cuireann Airteagal 34 de ÜTS leis an gcuspóir chun seirbhís a chur ar fáil ar chostas níos ísle do phaisinéirí, dá dtagraítear in Airteagal 1(1) den Rialachán sin. Thairis sin, ní dócha go soláthródh gnóthas a oibríonn chun a leasa tráchtála féin seirbhís iompair saor in aisce do na paisinéirí sin gan idirghabháil ó na húdaráis phoiblí.

28 I gcás ina bhfuil feidhm ag Rialachán Uimh. 1370/2007 maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur, ar an dara dul síos, an bhféadfadh Ballstát deonú cúitimh don iompróir as na costais a eascraíonn as oibleagáid seirbhíse poiblí a eisiamh. Leanann sé ón dara habairt d'Airteagal 3(2) den Rialachán sin go ndeonóidh an t-údarás inniúil cúiteamh don iompróir as comhlíonadh na hoibleagáide taraife a leagtar síos leis an riail ghinearálta. D'fhéadfaí an tátal a bhaint freisin as an dara fomhír d'Airteagal 1(1) agus as Airteagal 4(1)(b)(i) den Rialachán sin, nuair a fhorchuireann an t-údarás inniúil oibleagáid seirbhíse poiblí ar an iompróir, go bhforálann sé do chúiteamh as comhlíonadh na hoibleagáide sin. Thagrófaí, áfach, leis an bhforáil dheireanach sin freisin, don fhéidearthacht nach ndeonófaí aon chúiteamh.

29 Tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur, ar an tríú dul síos, an gceadaítear le hAirteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 1370/2007, ní hamháin na rialacha ginearálta maidir le cúiteamh airgeadais i leith oibleagáidí seirbhíse poiblí lena mbunaítear uastaraifí le haghaidh daltaí, mac léinn, printíseach agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin sin, ach freisin na rialacha ginearálta a bhfuil sé d'aidhm acu uastaraifí a shocrú d'aicmí paisinéirí seachas iad siúd a chumhdaítear leis an bhforáil sin, amhail leanaí d'aois réamhscoile, mionaoisigh faoi mhíchumas atá faoi bhun 16 bliana d'aois, daoine faoi mhíchumas tromchúiseach atá 16 bliana d'aois nó níos mó, daoine faoi thromlagú amhairc, daoine in éineacht le daoine faoi thromlagú amhairc agus madraí treoracha nó cúnaimh in éineacht le daoine faoi mhíchumas, dá dtagraítear in Airteagal 34 de ÜTS. Tá amhras ar an gcúirt sin freisin an bhfuil feidhm ag an oibleagáid chun fógra a thabhairt dá dtagraítear in Airteagail 3(3) agus 108 CFAE maidir le cásanna nuair nach bhforáiltear leis na rialacha ginearálta lena socraítear na huastaraifí do dheonú cúitimh d'iompróirí a bhfuil oibleagáid seirbhíse poiblí de chúram orthu, ós rud é, sna cásanna sin, nach mbeadh aon bhaol ann go ndeonófaí státchabhair.

30 I gcás ina mheasann an Chúirt nach bhfuil feidhm ag Rialachán Uimh. 1370/2007 sa chás sna príomhimeachtaí, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, ar an gceathrú dul síos, an eascraíonn oibleagáid chun cúiteamh a dheonú do ghnóthais iompair in éiric comhlíonadh na hoibleagáide a leagtar síos in Airteagal 34 de ÜTS as gníomh eile de dhlí an Aontais, amhail an Chairt.

31 Má chinneann sí cúiteamh den sórt sin a dheonú do Lux Express Estonia, tá an chúirt sin ag iarraidh a fháil amach, ar an gcúigiú dul síos, cad iad na coinníollacha nach mór di a chomhlíonadh agus méid an chúitimh á chinneadh aici ionas nach sáródh sí, leis an gcúiteamh sin, na rialacha maidir le státchabhair. Dar leis an gcúirt sin, ós rud é go bhfuil saoirse ag Lux Express Estonia taraif na dticéad a shocrú agus go bhfuil na bealaí a sheirbheáiltear ar chríoch na hEastóine de chineál neamhiomaíoch, ní féidir leis an gcaillteanas ioncaim as ticéid a dhíol a bheith ina bhonn leordhóthanach chun costais fheidhmithe na hoibleagáide a leagtar síos in Airteagal 34 de ÜTS a ríomh. Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an bhféadfadh sí, d'fhonn róchúiteamh a sheachaint agus an ríomhadh sin á dhéanamh, fiú mura mbeadh feidhm ag Rialachán Uimh. 1370/2007 sa chás sna príomhimeachtaí, tagairt a dhéanamh de réir analaí do na rialacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.

32 Sa chomhthéacs sin, chinn Tallinna Halduskohus (an Chúirt Riaracháin, Taillinn) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú:

"1) An gá a mheas, i gcás ina bhforchuirtear leis an dlí, ar bhealach aonfhoirmeach, oibleagáid ar gach gnóthas príobháideach a oibríonn, ar chríoch náisiúnta mar ghníomhaíocht tráchtála, seirbhís rialta iompair do phaisinéirí de bhóthar, d'uiscebhealach intíre agus d'iarnród, chun aicmí áirithe de na paisinéirí a iompar saor in aisce (leanaí d'aois réamhscoile, mionaoisigh faoi mhíchumas atá faoi bhun 16 bliana d'aois, daoine faoi mhíchumas tromchúiseach atá 16 bliana d'aois nó níos mó, daoine faoi thromlagú amhairc, daoine in éineacht le daoine faoi thromlagú amhairc agus madraí treoracha nó cúnaimh in éineacht le daoine faoi mhíchumas), go bhfuil forchur oibleagáide seirbhíse poiblí de réir bhrí Airteagail 2(e) agus 3(2) de Rialachán Uimh. 1370/2007 ann?

2) Más oibleagáid seirbhíse poiblí atá ann de réir bhrí Rialachán Uimh. 1370/2007, an bhfuil an Ballstát i dteideal, de bhun Airteagal 4(1)(b)(i) de Rialachán Uimh. 1370/2007, deonú cúitimh don iompróir a eisiamh le dlí náisiúnta as ucht oibleagáid den sórt sin a chomhlíonadh?

   Má tá an Ballstát i dteideal deonú cúitimh don iompróir a eisiamh, cén coinníollacha faoinar féidir leis sin a dhéanamh?

3) An gceadaítear le hAirteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 1370/2007 freisin rialacha ginearálta arb é is aidhm dóibh uastaraifí a shocrú d'aicmí paisinéirí seachas na cinn a chumhdaítear leis an bhforáil sin a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin sin?

   An bhfuil feidhm freisin ag an oibleagáid fógra a thabhairt don Choimisiún dá bhforáiltear in Airteagal 108 CFAE i gcás nach bhforáiltear do dheonú cúitimh don iompróir leis na rialacha ginearálta atá dírithe ar uastaraifí a shocrú?

4) Mura bhfuil feidhm ag Rialachán Uimh. 1370/2007 sa chás seo, an féidir forchur deonú cúitimh a bhunú ar ghníomh eile de dhlí an Aontais (amhail an Chairt)?

5) Cad iad na coinníollacha nach mór don chúiteamh, a d'fhéadfaí a dheonú don iompróir más iomchuí, a chomhlíonadh chun na rialacha maidir le Státchabhair a chomhlíonadh?"

Na ceisteanna a tharchuirtear i gcomhair réamhrialú

An chéad cheist

33 Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 2(e) de Rialachán Uimh. 1370/2007 a léirmhíniú sa chaoi go gcumhdaítear leis an coincheap "oibleagáid seirbhíse poiblí", dá dtagraítear san fhoráil sin, an oibleagáid ar ghnóthais a sholáthraíonn, ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann, seirbhís rialta iompair de bhóthar, d'uiscebhealach intíre agus d'iarnród, dá bhforáiltear in Airteagal 34 de ÜTS, chun aicmí áirithe de na paisinéirí, go háirithe leanaí d'aois réamhscoile agus catagóirí áirithe daoine faoi mhíchumas, a iompar, saor in aisce agus gan cúiteamh a fháil ón Stát.

34 Ba cheart a thabhairt chun cuimhne, de réir théarmaí na chéad fhomhíre d'Airteagal 1(1) de Rialachán Uimh. 1370/2007, gurb é is cuspóir an Rialacháin seo ná a chinneadh conas a fhéadfaidh na húdaráis inniúla gníomhú, i gcomhréir le rialacha de dhlí an Aontais, i réimse an iompair phoiblí do phaisinéirí chun a ráthú go soláthrófar seirbhísí leasa i gcoitinne a bheidh inter alia níos líonmhaire, níos sábháilte, de cháilíocht níos airde nó a chuirfear ar fáil ar chostas níos ísle ná mar a cheadódh fórsaí an mhargaidh amháin. Thairis sin, leanann sé ó Airteagal 1(2) den Rialachán sin go mbeidh feidhm aige maidir le hoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród agus de mhodhanna eile iarnróid agus de bhóthar, seachas seirbhísí a oibrítear go príomha de bhrí gur ábhar spéise iad go stairiúil nó de bharr an luach atá leo ó thaobh na turasóireachta de. Go háirithe, déantar iompar poiblí paisinéirí d'uiscebhealach intíre a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin sin. Féadfaidh na Ballstáit, áfach, an Rialachán sin a chur i bhfeidhm maidir leis an iompar sin. Ní léir ón bhfaisnéis a cuireadh faoi bhráid na Cúirte gur bhain Poblacht na hEastóine úsáid as an rogha sin.

35 Sainmhínítear an choincheap "oibleagáid seirbhíse poiblí" in Airteagal 2(e) de Rialachán Uimh. 1370/2007 mar an "ceanglas arna shainmhíniú nó arna chinneadh ag údarás inniúil chun go n-áiritheofar go gcuirfear ar fáil seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí ar mhaithe leis an leas i gcoitinne nach nglacfadh oibreoir air féin dá mbeadh sé ag féachaint dá leas tráchtála féin nó nach nglacfadh sé air féin an oiread céanna ná faoi na coinníollacha céanna gan luach saothair".

36 De réir théarmaí Airteagal 2(b) de Rialachán Uimh. 1370/2007, is é is brí le "údarás inniúil", chun críocha an Rialacháin sin, ná "aon údarás poiblí nó aon ghrúpa údarás poiblí de chuid Ballstáit nó líon Ballstát a bhfuil sé de chumhacht aige idirghabháil san iompar poiblí do phaisinéirí i limistéar geografach áirithe nó aon chomhlacht a mbeidh údarás den sórt sin dílsithe dó".

37 Ina theannta sin, eascraíonn sé as Airteagal 3 den Rialachán sin, go bhféadfadh oibleagáidí seirbhíse poiblí a bheith faoi réir conradh seirbhíse poiblí nó faoi réir riail ghinearálta, de réir bhrí Airteagal 2(l) den Rialachán sin, eadhon, beart a bhfuil feidhm aige gan idirdhealú maidir le gach seirbhís iompair phoiblí do phaisinéirí den chineál céanna laistigh de limistéar.

38 Sa chás seo, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé, agus an chúirt sin amháin a bhfuil dlínse aici na fíorais a mheas, a chinneadh an gcomhlíonann an oibleagáid dá bhforáiltear in Airteagal 34 de ÜTS na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 2(e) de Rialachán Uimh 1370/2007.

39 Mar sin féin, is léir ó na heilimintí atá ar fáil don Chúirt, ar an gcéad dul síos, go n-eascraíonn an oibleagáid sin as foráil reachtach. Dá bhrí sin, féadfar a mheas, ar thaobh amháin, gurb é údarás poiblí Ballstáit, a bhfuil sé de chumhacht aige idirghabháil a dhéanamh san iompar poiblí do phaisinéirí, agus mar sin "údarás inniúil" de réir bhrí Airteagal 2(b) agus (e) de Rialachán

Uimh. 1370/2007, lena sainímhínítear nó lena gcinntear an oibleagáid sin agus, ar an taobh eile, go mbunaítear an oibleagáid sin trí bhíthin "riail ghinearálta" de réir bhrí Airteagal 2(l) den Rialachán sin.

40 Ansin, eascraíonn sé as Airteagal 34 de ÜTS nach mór do gach iompróir a áirithíonn seirbhís rialta iompair de bhóthar, d'uiscebhealach intíre agus d'iarnród ar chríoch na hEastóine aicmí áirithe de phaisinéirí a iompar saor in aisce, go háirithe leanaí d'aois réamhscoile agus catagóirí áirithe daoine faoi mhíchumas. Ina bharúlacha i scríbhinn, sonraíonn Rialtas na hEastóine go bhforchuirtear an oibleagáid a leagtar síos san fhoráil sin chun cur ar chumas teaghlaigh le leanaí óga agus daoine faoi mhíchumas úsáid a bhaint as iompar poiblí trí iad a dhéanamh níos inacmhainne agus níos inrochtana dóibh. Léirítear le hAirteagal 34 de ÜTS an aird ar leith a thugann sochaí na hEastóine ar na daoine sin.

41 Tá an cuspóir sin mar chuid de phríomhchuspóirí den Pháipéar Bán ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2001, dá dtagraítear go sonrach in aithris 4 de Rialachán Uimh. 1370/2007, lena n-áirítear coinníollacha taraife sonracha a thairiscint d'aicmí áirithe paisinéirí, amhail pinsinéirí. Dealraíonn sé, dá bhrí sin, go sainmhínítear an oibleagáid dá bhforáiltear san fhoráil sin d'fhonn seirbhísí leasa ghinearálta d'iompar paisinéirí a áirithiú.

42 Ar deireadh, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur nach dócha go nglacfadh gnóthas, dá mbeadh a leas tráchtála féin á bhreithniú aige, an oibleagáid sin air féin gan luach saothair.

43 Sna himthosca sin, faoi réir measúnú críochnaitheach ag an gcúirt a rinne an tarchur i bhfianaise na n-eilimintí ábhartha uile, ní mór a mheas, a mhéid a cheanglaíonn sé ar gach gnóthas a áirithíonn, ar an gcríoch náisiúnta, seirbhís rialta iompair de bhóthar agus d'iarnród, chun aicmí áirithe paisinéirí a iompar saor in aisce, go háirithe, leanaí d'aois réamhscoile agus catagóirí áirithe daoine faoi mhíchumas, foráiltear le hAirteagal 34 de ÜTS do "oibleagáid seirbhíse poiblí" de réir bhrí Airteagal 2(b) de Rialachán Uimh. 1370/2007.

44 Níl an breithniú sin neamhbhailí mar gheall ar argóint Rialtas na hEastóine nach bhfuil feidhm ag an Rialachán sin maidir le hoibriú bealaí iompair lasmuigh de chonarthaí seirbhíse poiblí.

45 Is leor a thabhairt faoi deara, ar thaobh amháin, nach ndéantar idirdhealú sa dara fomhír d'Airteagal 1(1) de Rialachán Uimh. 1370/2007 idir oibleagáidí seirbhíse poiblí de réir mar a shainmhínítear iad.

46 Ar an taobh eile, mar a tugadh le fios i mír 37 den bhreithiúnas seo, leanann sé ó Airteagal 3 de Rialachán Uimh. 1370/2007 go bhfuil feidhm ag an Rialachán sin maidir le hoibleagáidí seirbhíse poiblí dá bhforáiltear i gconradh seirbhíse poiblí agus maidir leis na hoibleagáidí a fhorchuirtear trí bhíthin rialacha ginearálta. Tagraítear go sainráite in Airteagal 3(2) do bhearta náisiúnta, dá bhforáiltear sna rialacha ginearálta, lena leagtar síos uastairifí d'aicmí áirithe de na paisinéirí. Áirítear i measc na mbeart sin oibleagáidí chun paisinéirí a iompar saor in aisce, amhail an oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 34 de ÜTS.

47 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist ná nach mór Airteagal 2(e) de Rialachán Uimh. 1370/2007 a léirmhíniú sa chaoi go gcumhdaítear leis an coincheap "oibleagáid seirbhíse poiblí", dá dtagraítear san fhoráil sin, oibleagáid ar ghnóthais a áirithíonn, ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann, seirbhís phoiblí iompair de bhóthar agus

d'iarnród, a leagtar síos i bhforáil náisiúnta reachtach, chun aicmí áirithe de na paisinéirí a iompar, go háirithe, leanaí d'aois réamhscoile agus catagóirí áirithe daoine faoi mhíchumas, saor in aisce agus gan cúiteamh a fháil ón Stát.

An dara ceist

48 Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, i gcás ina dtabharfar freagra dearfach ar an gcéad cheist, sa chéad áit, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 4(1)(b)(i) de Rialachán Uimh. 1370/2007 a léirmhíniú sa chaoi go gceadaítear leis do na húdaráis inniúla gan cúiteamh a dheonú do ghnóthais a áirithíonn, ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann, seirbhís phoiblí iompair de bhóthar agus d'iarnród i leith costas a thabhófar i gcomhlíonadh oibleagáide seirbhíse poiblí. I gcás go bhféadfadh na húdaráis sin deonú an chúitimh sin a eisiamh, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt, sa dara háit, cad iad na coinníollacha faoina bhféadfaidís sin a dhéanamh.

49 Is léir ó fhorais an ordaithe tarchuir go bhfuil an chéad chuid den cheist sin bunaithe ar an mbonn go gceanglaítear le Rialachán Uimh. 1370/2007 ar na húdaráis inniúla cúiteamh a dheonú i leith na gcostas a eascraíonn as oibleagáidí seirbhíse poiblí.

50 Chun freagra úsáideach a thabhairt don chúirt a rinne an tarchur, is gá, ar an gcéad dul síos, bailíocht an bhoinn sin a fhíorú.

51 Chuige sin, foráiltear le hAirteagal 3(1) den Rialachán sin, i gcás ina gcinnfidh údarás inniúil ceart eisiach agus/nó cúiteamh, cibé cineál é, a dheonú d'oibreoir dá rogha in éiric oibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, is faoi chuimse conartha seirbhíse poiblí a dhéanfaidh sé é.

52 Leagtar síos san fhoráil sin, mar sin, an prionsabal nach mór oibleagáidí seirbhíse poiblí agus an cúiteamh a ghabhann leo a bhunú faoi chuimse conartha seirbhíse poiblí.

53 De mhaolú ar an bhforáil sin, údaraítear leis an gcéad fhrása d'Airteagal 3(2) den Rialachán sin go mbunófar oibleagáidí seirbhíse poiblí trí bhíthin rialacha ginearálta, a bhfuil sé d'aidhm acu uastaraifí a chinneadh do na paisinéirí uile nó d'aicmí áirithe de na paisinéirí.

54 De réir théarmaí an dara habairt d'Airteagal 3(2) de Rialachán Uimh. 1370/2007, cúiteoidh an t-údarás inniúil na hoibreoirí seirbhísí poiblí i leith na glanéifeachta airgeadais, cibé deimhneach nó diúltach, ar na costais a thabhófar agus ar an ioncam a ghinfear i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí sin a bhunófar le rialacha ginearálta ar dhóigh a sheachnóidh an róchúiteamh. Deonófar an cúiteamh sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagail 4 agus 6 agus san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.

55 Leanann sé ó úsáid an leagan ordaitheach "cúiteoidh an t-údarás inniúil" go leagtar síos leis an bhforáil sin, nach rogha é ach oibleagáid do na húdaráis inniúla.

56 Tacaíonn comhthéacs na forála sin leis an léirmhíniú sin. Tagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 1(1) de Rialachán Uimh. 1370/2007 do "na coinníollacha faoina bhféadfaidh na húdaráis inniúla, agus oibleagáidí seirbhíse poiblí á bhforchur nó á gconrú acu, cúiteamh a thabhairt d'oibreoirí seirbhísí poiblí i leith costas a thabhaítear. Pléitear in Airteagal 2a(2) den Rialachán sin, sonraíochtaí na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí agus an "cúiteamh comhfhreagrach a bhaineann leis an glanéifeacht airgeadais".

57 Ina theannta sin, is léir ó fhorbairt reachtaíocht an Aontais sa réimse seo go bhféadfar an oibleagáid chun na costais a eascraíonn as oibleagáidí seirbhíse poiblí a chúiteamh a rianú siar go Cinneadh 65/271, ina bhforáladh, in Airteagal 6, ón 1 Iúil 1967, nach mór do na costais a eascraíonn as praghsanna agus coinníollacha iompair, arna bhforchur ag Ballstát ar mhaithe le catagóir shóisialta amháin ar leith nó níos mó, a chur i bhfeidhm i leith iompar paisinéirí, a bheith faoi réir chúiteamh arna chinneadh i gcomhréir le modhanna comhchoiteanna.

58 Rinneadh an oibleagáid sin a athbhunú ansin, go substainteach, in Airteagal 1(4) de Rialachán Uimh. 1191/69, a aisghaireadh agus ar cuireadh Rialachán Uimh. 1370/2007 ina ionad.

59 Cinnte, leasaíodh ábhar na chéad fhorála sin le Rialachán (CEE) Uimh. 1893/91 ón gComhairle an 20 Meitheamh 1991 lena leasaítear Rialachán Uimh. 1191/69 (IO 1991 L 169, lch. 1). Chinn an Chúirt, áfach, go bunúsach, go bhforáiltear le Rialachán Uimh. 1191/69, mar a leasaíodh, deonú cúiteamh arna chinneadh i gcomhréir le forálacha an Rialacháin sin i leith na gcostas a eascraíonn as oibleagáidí seirbhíse poiblí den sórt sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 7 Bealtaine 2009, Antrop agus páirtithe eile, C-504/07, EU:C:2009:290, mír 21).

60 Thairis sin, mar a thug an Coimisiún le fios ina bharúlacha i scríbhinn, níor leasaigh reachtóir an Aontais Airteagal 9 de Rialachán Uimh. 1191/69, as a leanann sé go bhfuil cúiteamh le híoc i leith na gcostas a thabhaíonn gnóthais iompair as cur i bhfeidhm praghsanna agus coinníollacha iompair a fhorchuirtear ar mhaithe le catagóir shóisialta áirithe amháin nó níos mó, arna iarraidh sin ag na gnóthais sin, ón 1 Eanáir 1971.

61 Tacaítear freisin leis an léirmhíniú ar dá réir go leagtar síos le hAirteagal 3(2) de Rialachán Uimh. 1370/2007 ní rogha ach oibleagáid ar na húdaráis inniúla chun cúiteamh a dheonú i leith na gcostas arna dtabhú i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí dá dtagraítear san fhoráil sin le cuspóirí reachtaíocht an Aontais sa réimse sin.

62 Is léir, sa chéad áit, ón gcéad go dtí an tríú haithris de Chinneadh 65/271, go raibh sé d'aidhm ag an gCinneadh 65/271 sin cuspóir an chomhbheartais iompair a bhaint amach, eadhon deireadh a chur le héagothromaíochtaí a thagann chun cinn mar gheall ar oibleagáidí, a bhaineann go dlúth leis an gcoincheap de sheirbhís phoiblí agus a d'fhéadfadh na coinníollacha iomaíochta a shaobhadh go substaintiúil, a fhorchur ar ghnóthais iompair ag na Ballstáit, go háirithe, trí bhearta a ghlacadh arb é is aidhm dóibh cúiteamh cothrom a thabhairt i leith na gcostas a eascraíonn as oibleagáidí seirbhíse poiblí a fhreagraíonn do laghduithe taraife ar chúiseanna sóisialta.

63 Luaitear sa chéad go dtí an tríú haithris agus an tríú haithris déag de Rialachán Uimh. 1191/69, go bunúsach, go raibh sé d'aidhm ag an Rialachán sin an cuspóir céanna a bhaint amach.

64 Tá an cuspóir sin á shaothrú freisin le Rialachán Uimh. 1370/2007, a glacadh, amhail Rialachán Uimh. 1191/69, ar bhonn fhorálacha an Chonartha maidir leis an gcomhbheartas iompair agus ar bhonn na bhforálacha a bhaineann le státchabhair (breithiúnas an 24 Iúil 2003, Altmark Trans agus Regierungspräsidium Magdeburg, C-280/00, EU:C:2003:415, mír 35).

65 Luaitear in aithrisí 2 agus 3 de Rialachán Uimh. 1370/2007, faoi réir na maoluithe dá bhforáiltear in Airteagal 73 CE (Airteagal 93 CFAE anois), i gcomhréir le hAirteagal 86(2) CE (Airteagal 106(2) CFAE anois), go mbeidh gnóthais arb é a gcúram seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i

gcoitinne a oibriú faoi réir rialacha an Chonartha, go háirithe na rialacha iomaíochta, sa mhéid nach dtiocfaidh de na rialacha sin a chur i bhfeidhm bac, ó dhlí ná ó ghníomh, ar chomhlíonadh an chúraim áirithe a sannadh dóibh.

66 Tagraítear in aithris 4 den Rialachán sin freisin, go háirithe, don chuspóir chun deireadh a chur le héagothromaíochtaí idir gnóthais iompair sna Ballstáit éagsúla, arna saothrú le Páipéar Bán an Choimisiúin an 12 Meán Fómhair 2001 dar teideal "Beartas iompair na hEorpa don bhliain 2010: tráth an Chinnidh".

67 Leanann sé as sin gur shaothraigh reachtóir an Aontais an cuspóir chun deireadh a chur leis na héagothromaíochtaí sin ar bhonn leanúnach.

68 Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ní mór oibleagáid a chur ar na húdaráis inniúla go léir na costais a thabhaítear agus oibleagáidí seirbhíse poiblí á gcomhlíonadh, oibleagáidí a bhfuil sé d'aidhm acu uastaraifí a shocrú d'aicmí áirithe de na paisinéirí, a chúiteamh, agus ní hamháin rogha a thabhairt dóibh chun cúiteamh den sórt sin a dheonú, rud a d'fhéadfadh dálaí éagsúla a chruthú d'fheidhmiú an mhargaidh iompair phoiblí laistigh den Aontas.

69 Sa dara háit, mar is léir ón gcéad fhomhír d'Airteagal 1(1) agus ó aithris 4 de Rialachán Uimh. 1370/2007, cuireann an cuspóir sin leis an gcuspóir chun a ráthú, trí iomaíochta rialaithe, go soláthrófar seirbhísí iompair do phaisinéirí leasa i gcoitinne a bheidh inter alia níos líonmhaire, níos sábháilte, de cháilíocht níos fearr nó a chuirfear ar fáil ar chostas níos ísle ná mar a cheadódh fórsaí an mhargaidh amháin.

70 D'aithin reachtóir an Aontais, in aithris 34 den Rialachán sin, go bhféadfadh sé gur ghá cúiteamh as seirbhísí poiblí in earnáil na seirbhísí iompair intíre do phaisinéirí ionas go bhfeidhmeodh na gnóthais atá freagrach as seirbhísí poiblí ar bhonn na bprionsabal agus faoi na coinníollacha a cheadaíonn dóibh a gcúraimí a chur i gcrích..

71 Eascraíonn sé ón méid sin roimhe seo go gceanglaítear le Rialachán Uimh. 1370/2007 ar na húdaráis inniúla cúiteamh a dheonú i leith na gcostas a eascraíonn as oibleagáidí seirbhíse poiblí.

72 Ina dhiaidh sin, in Airteagal 4(1)(b)(i) de Rialachán Uimh. 1370/2007, leagtar síos san fhoráil sin go mbunóidh siad roimh ré, leis na conarthaí seirbhíse poiblí agus rialacha ginearálta, ar dhóigh oibiachtúil agus trédhearcach, na paraiméadair a úsáidfear chun an íocaíocht chúitimh, "más ann", a ríomh.

73 I ndáil leis sin, níl aon rud ann lena chur in iúl, leis an bhforáil sin, go raibh sé beartaithe ag reachtóir an Aontais na húdaráis inniúla a údarú chun imeacht ó phrionsabal an chúitimh i leith na glanéifeachta airgeadais mar gheall ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí taraife a bhunaítear trí bhíthin rialacha ginearálta, a leagtar síos in Airteagal 3(2) den Rialachán sin.

74 Maidir leis an bhfrása "más ann", a úsáidtear in Airteagal 4(1)(b)(i) den Rialachán sin, is léir ó chomhthéacs na forála sin go dtagraítear leis an bhfrása sin don fhéidearthacht d'údaráis inniúla, dá bhforáiltear sa dara fomhír d'Airteagal 1(1) agus in Airteagal 3(1) den Rialachán sin, chun rogha a dhéanamh, faoi chuimse conartha seirbhíse poiblí, cúiteamh a dheonú d'oibreoirí, de bhreis ar chearta eisiacha nó ina n-ionad, in éiric oibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh.

75 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad chuid den dara ceist ná nach mór Airteagail 3(2) agus 4(1)(b)(i) de Rialachán Uimh. 1370/2007 a léirmhíniú sa chaoi go bhfuil sé de cheangal ar na húdaráis inniúla cúiteamh a dheonú do na gnóthais a áirithíonn, ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann, seirbhís phoiblí iompair de bhóthar agus d'iarnród i leith na glanéifeachta airgeadais, cibé deimhneach nó diúltach, ar na costais a thabhófar agus ar ioncam a ghinfear i gcomhlíonadh na hoibleagáide atá ar na gnóthais sin, a bhunófar le riail ghinearálta chun aicmí áirithe de na paisinéirí, go háirithe leanaí d'aois réamhscoile agus aicmí áirithe daoine atá faoi mhíchumas, a iompar saor in aisce.

76 I bhfianaise an fhreagra a tugadh ar an gcéad chuid den dara ceist, níl gá freagra a thabhairt ar an dara cuid den cheist sin.

An tríú ceist

77 Lena tríú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, sa chéad áit, an gcaithfear Airteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 1370/2007 a léirmhíniú sa chaoi go gceadaítear leis do na Ballstáit a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin sin rialacha ginearálta arb é is aidhm dóibh uastaraifí a shocrú d'aicmí paisinéirí seachas na cinn a chumhdaítear leis an bhforáil sin. Má thugtar freagra dearfach ar an gceist sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, sa dara háit, an bhfuil feidhm ag an oibleagáid chun fógra a thabhairt, a leagtar síos san fhoráil sin agus in Airteagal 108 CFAE, freisin maidir leis na rialacha ginearálta a eisítear ó raon feidhme an Rialacháin sin, rialacha nach bhforáiltear leo do dheonú aon chúiteamh seirbhíse poiblí.

78 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt chun cuimhne, de réir chásdlí socair na Cúirte, gur don chúirt náisiúnta ar tugadh an díospóid os a comhair agus nach mór freagracht a ghlacadh as an gcinneadh breithiúnach ina dhiaidh sin amháin atá sé chun measúnú a dhéanamh, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis, ar an ngá atá le réamhrialú ionas go mbeidh sí in ann a breithiúnas a thabhairt agus ábharthacht na gceisteanna a chuirfidh sí faoi bhráid na Cúirte araon a chinneadh, a bhfuil toimhde ábhartha acu. Dá bhrí sin, toisc go mbaineann an cheist a chuirtear le léirmhíniú nó le bailíocht riail de dhlí an Aontais, tá sé de cheangal ar an gCúirt, i bprionsabal, rialú a thabhairt, mura rud é gur léir nach bhfuil aon bhaint ag an léirmhíniú atá á lorg le fíricí iarbhír nó cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, má tá an fhadhb de chineál hipitéiseach, nó mura bhfuil an t-ábhar fíorasach nó dlíthiúil is gá os a comhair chun freagra úsáideach a thabhairt ar an gceist sin (breithiúnas an 5 Bealtaine 2022, Zagrebačka banka, C-567/20, EU:C:2022:352, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear).

79 Ba cheart a chur in iúl go n-údaraítear le hAirteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 1370/2007 do na Ballstáit a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo rialacha ginearálta maidir le cúiteamh airgeadais i leith oibleagáidí seirbhíse poiblí lena mbunófar uastaraifí le haghaidh daltaí, mac léinn, printíseach agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Dá bhrí sin, níl eisiamh den sórt sin uathoibríoch ach tugtar le tuiscint leis cur chuige gníomhach ó na Ballstáit.

80 Sa chás seo, is léir ón gcomhad a cuireadh faoi bhráid na Cúirte nach ndearna Poblacht na hEastóine aon bhearta chun leas a bhaint as an bhféidearthacht, dá bhforáiltear san fhoráil sin, chun rialacha ginearálta áirithe a bhaineann le cúiteamh airgeadais a dheonaítear i leith oibleagáidí seirbhíse poiblí a eisiamh ó raon feidhme Rialachán Uimh. 1370/2007.

81 Dá bhrí sin, is léir go bhfuil an tríú ceist de chineál hipitéiseach go follasach. Dá bhrí sin, tá an cheist sin doghlactha.

An ceathrú ceist

82 Is léir ó fhoclaíocht na ceathrú ceiste nach gcuirtear í ach amháin sa chás nach bhfuil Rialachán Uimh. 1370/2007 infheidhme maidir leis an gcás sna príomhimeachtaí.

83 I bhfianaise an fhreagra a tugadh ar an gcéad dá cheist, ní gá freagra a thabhairt ar an gceathrú ceist.

An cúigiú ceist

84 Lena cúigiú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt, go bunúsach, cad iad na coinníollacha nach mór do dheonú cúitimh seirbhíse poiblí a chomhlíonadh chun bheith i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le Státchabhair. Is léir ó fhorais an ordaithe tarchuir go bhféachann an chúirt sin lena fháil amach, go háirithe, an bhfuil an caillteanas ioncaim as ticéid iompair a dhíol, arna dtaifeadadh ag an iompróir mar gheall ar oibleagáid seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, ina bhonn leordhóthanach chun na costais fheidhmithe na hoibleagáide sin a ríomh, nach mór a chur san áireamh d'fhonn méid an chúitimh sin a chinneadh.

85 I ndáil leis sin, faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 1(1) de Rialachán Uimh. 1370/2007, is é cuspóir an Rialacháin sin a chinneadh conas a fhéadfaidh na húdaráis inniúla gníomhú, i gcomhréir le rialacha dhlí an Aontais, i réimse an iompair phoiblí do phaisinéirí.

86 Leanann sé as sin, amhail Rialachán Uimh. 1191/69, a aisghaireadh le Rialachán Uimh. 1370/2007 agus a tháinig an Rialachán sin ina ionad, go mbunaítear córas le Rialachán Uimh. 1370/2007 nach mór do na Ballstáit urraim a léiriú air agus iad ag iarraidh oibleagáidí seirbhísí poiblí a fhorchur ar ghnóthais iompair phoiblí intíre (féach, de réir analaí, breithiúnas an 24 Iúil 2003, Altmark Trans agus Regierungspräsidium Magdeburg, C-280/00, EU:C:2003:415, míreanna 43 go 53).

87 Mar a leanann sé as Airteagal 9(1) agus aithris 35 de Rialachán Uimh. 1370/2007, maidir le cúiteamh seirbhíse poiblí ar oibriú seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí nó ar chomhlíonadh oibleagáidí taraife arna mbunú trí rialacha ginearálta agus a íocfar i gcomhréir leis an Rialachán sin, tá sé comhoiriúnach leis an gcómhargadh. Tá an cúiteamh sin díolmhaithe ón gceanglas réamhfhógra a thabhairt a leagtar síos le hAirteagal 108(3) CFAE.

88 Maidir le cúiteamh i leith na glanéifeachta airgeadais, cibé deimhneach nó diúltach, ar na costais a thabhófar agus ar an ioncaim a ghinfear i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí taraife, a bhunófar le rialacha ginearálta, a bhfuil sé d'aidhm acu uastaraifí a chinneadh d'aicmí áirithe de na paisinéirí, foráiltear le hAirteagal 3(2) de Rialachán Uimh. 1370/2007 go ndeonófar an cúiteamh sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos in Airteagail 4 go 6 agus san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin, ar dhóigh a sheachnóidh an róchúiteamh.

89 Leanann sé as pointe 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin nach féidir leis an gcúiteamh dul thar mhéid a fhreagraíonn don ghlanéifeacht airgeadais ar coibhéis le hiomlán na n-éifeachtaí, cibé deimhneach nó diúltach, a bheidh ag comhlíonadh na hoibleagáide seirbhíse poiblí ar chostais agus ar ioncam an oibreora seirbhíse poiblí. Measúnófar na héifeachtaí trí chomparáid a dhéanamh idir an staid ina gcomhalltar an oibleagáid seirbhíse poiblí agus an staid a bheadh ann mura ndéanfaí an oibleagáid a chomhall.

90 Mar a thug an Coimisiún faoi deara, go bunúsach, ina bharúlacha i scríbhinn, ní gá gurb ionann an caillteanas ioncaim ar dhíol ticéad agus an éifeacht a bheidh ag comhlíonadh na hoibleagáide chun paisinéirí áirithe a iompar saor in aisce ar chostais agus ar ioncaim an oibreora seirbhíse poiblí. Ní cheiltear, le hiompar na bpaisinéirí sin, ar an ngnóthas iompair lena mbaineann an fhéidearthacht chun paisinéirí a iompar nach mór dóibh ticéad a cheannach ach amháin i gcás nach mbeidh aon áit ann do na paisinéirí sin. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé gur diomaibhseach na costais bhreise a bheidh ar an oibreoir mar gheall ar phaisinéirí atá le hiompar saor in aisce a bheith ar bord cóiste.

91 Is faoin gcúirt a rinne an tarchur, an t-aon chúirt a bhfuil dlínse aici chun measúnú a dhéanamh ar na fíorais, atá sé chun a fhíorú an méid a fhreagraíonn don ghlanéifeacht airgeadais agus atá le híoc as comhlíonadh na hoibleagáide a leagtar síos in Airteagal 34 de ÜTS ar chostais agus ar ioncam an iarratasóra sna príomhimeachtaí agus chun a áirithiú nach dtéann an cúiteamh thar an méid sin.

92 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is é an freagra ar an gcúigiú ceist ná nach mór Airteagal 3(2) agus pointe 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Uimh. 1370/2007 a léirmhíniú sa chaoi nach mór cúiteamh i leith na glanéifeachta airgeadais, cibé deimhneach nó diúltach, ar na costais a thabhófar agus ar an ioncam a ghinfear i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí taraife a bhunófar le rialacha ginearálta, a bhfuil sé d'aidhm acu uastaraifí a chinneadh d'aicmí áirithe de na paisinéirí, a dheonú i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagail 4 go 6 agus san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin, ar dhóigh a sheachnóidh an róchúiteamh. Ní féidir leis an gcúiteamh dul thar mhéid a fhreagraíonn don ghlanéifeacht airgeadais ar coibhéis le hiomlán na n-éifeachtaí, cibé deimhneach nó diúltach, a bheidh ag comhlíonadh na hoibleagáide seirbhíse poiblí ar chostais agus ar ioncam an oibreora seirbhíse poiblí, a mheastar trí chomparáid a dhéanamh idir an staid ina gcomhalltar an oibleagáid seirbhíse poiblí agus an staid a bheadh ann mura ndéanfaí an oibleagáid a chomhall.

Costais

93 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na príomhpháirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Chéad Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. Ní mór Airteagal 2(e) de Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród agus de bhóthar agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 1191/69 agus (CEE) Uimh. 1107/70 ón gComhairle, arna leasú le Rialachán (AE) 2016/2338 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016,

a léirmhíniú sa chaoi:

go gcumhdaítear leis an coincheap "oibleagáid seirbhíse poiblí", dá dtagraítear san fhoráil sin, oibleagáid ar ghnóthais a áirithíonn, ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann, seirbhís phoiblí iompair de bhóthar agus d'iarnród, a leagtar síos i bhforáil náisiúnta reachtach, chun aicmí áirithe de na paisinéirí, go háirithe leanaí d'aois

réamhscoile agus catagóirí áirithe daoine faoi mhíchumas, a iompar saor in aisce agus gan cúiteamh a fháil ón Stát.

2. Ní mór Airteagail 3(2) agus 4(1)(b)(i) de Rialachán Uimh. 1370/2007, arna leasú le Rialachán 2016/2338,

a léirmhíniú sa chaoi:

go bhfuil sé de cheangal ar na húdaráis inniúla cúiteamh a fháil do na gnóthais a áirithíonn, ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann, seirbhís phoiblí iompair de bhóthar agus d'iarnród i leith na glanéifeachta airgeadais, cibé deimhneach nó diúltach, ar na costais a thabhófar agus ar ioncam a ghinfear i gcomhlíonadh na hoibleagáide atá ar na gnóthais sin, siosa bhunófar le riail ghinearálta, chun aicmí áirithe de na paisinéirí, go háirithe leanaí d'aois réamhscoile agus aicmí áirithe daoine atá faoi mhíchumas, a iompar saor in aisce.

3. Ní mór Airteagail 3(2) agus pointe 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Uimh. 1370/2007, arna leasú ag Rialachán 2016/2338.

a léirmhíniú sa chaoi:

nach mór cúiteamh, i leith na glanéifeachta airgeadais, cibé deimhneach nó diúltach, ar na costais a thabhófar agus ar ioncam a ghinfear i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí taraife a bhunófar le rialacha ginearálta, a bhfuil sé d'aidhm acu uastaraifí a chinneadh d'aicmí áirithe de na paisinéirí, a dheonú i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagail 4 go 6 agus san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin, ar dhóigh a sheachnóidh an róchúiteamh. Ní féidir leis an gcúiteamh dul thar mhéid a fhreagraíonn don ghlanéifeacht airgeadais ar coibhéis le hiomlán na n-éifeachtaí, cibé deimhneach nó diúltach, a bheidh ag comhlíonadh na hoibleagáide seirbhíse poiblí ar chostais agus ar ioncam an oibreora seirbhíse poiblí, a mheastar trí chomparáid a dhéanamh idir an staid ina gcomhalltar an oibleagáid seirbhíse poiblí agus an staid a bheadh ann mura ndéanfaí an oibleagáid a chomhall.

Sínithe